www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2011**

# Stair

## Aonad Measúnaithe AS 1

**[AH111]**

AH111

**DÉ hAOINE 3 MEITHEAMH, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Níl ach **rogha 5** ar fáil ar an leagan Gaeilge seo den scrúdpháipéar.
Freagair ceist **1(a)** nó **1(b)** agus ceist **2** as an **rogha agat**.
Léirigh do rogha go soiléir ar an Leabhrán Freagraí.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **1** agus i gceist **2(b)**.
Is fiosrú stairiúil é an t-aonad measúnaithe seo agus moltar d'iarrthóirí tarraingt as an ábhar cuí uile a ndearna siad staidéar air agus iad ag freagairt ceist **2(b)**.

www.xtrapapers.com

## Rogha 5: An Ghearmáin 1918–1945

Freagair ceist **1(a)** nó **1(b) agus** ceist **2**.

**1 Ceachtar acu**

**(a)** Mínigh na bagairtí polaitiúla ar Phoblacht Weimar ón eite chlé agus ón eite dheas sa tréimhse 1919–1923. [12]

**Nó**

**(b)** Mínigh an éifeacht a bhí ag polasaithe na Naitsithe ar mhná sa tréimhse 1933–1945. [12]

**2** Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann.

**Polasaithe Eacnamaíocha na Naitsithe 1933–1939**

**Foinse 1**
Sliocht as meamram rúnda arna scríobh ag Hitler i Lúnasa 1936. Tugadh an meamram do Hermann Göring a sheol an Plean Ceithre Bliana in 1936.

> Cumas an gheilleagair againn atharmáil a dhéanamh, níor cheart teorainn a chur lena réim ná leis an luas faoina ndéanfaí é. Mura mbíonn cúis mhaith leis, níor cheart dúinn an t-airgeadra eachtrach againn a úsáid le hearraí bia a iompórtáil má tharlaíonn sé go ndéanfar faillí san atharmáil dá dheasca. Diúltaím don dearcadh gur cheart dúinn teorainn a chur leis an atharmáil seo. Tá sé an-tábhachtach go mbeimid ag ullmhú faoi choinne cogaidh agus an tsíocháin i réim. Ná caitear airgeadra eachtrach sna réimsí sin mar ar féidir táirgí na Gearmáine a úsáid le riar ar ár gcuid riachtanas; ba cheart é a choinneáil faoi choinne earraí nach féidir a fháil ar dhóigh ar bith eile seachas iad a iompórtáil. Caithfear, mar sin, dlús a chur le táirgeadh breosla ar luas lasrach agus ní mór olltáirgeadh an rubair shintéisigh a eagrú agus a chur i gcrích leis an phráinn chéanna.

**Foinse 2**
Sliocht as cuimhní cinn Hjalmar Schacht arna bhfoilsiú in 1949. Bhí Schnacht ina Aire Eacnamaíochta ó 1934 go dtí gur éirigh sé as in 1937.

> Ba le hiomlán díchéille agus neamhinniúlachta an amaitéaraigh a chuaigh Göring i mbun oibre leis an chlár um neamhthuilleamaíocht eacnamaíochta nó autarky a chur i bhfeidhm, clár a bhí leagtha amach sa Phlean Ceithre Bliana. Ar cruinniú ar 17 Nollaig 1936, chuir Göring in iúl do thionsclaithe mór le rá nárbh í an táirgeadh eacnamaíoch a bhí i gceist níos mó, ach an táirgeadh ann féin go díreach.

www.xtrapapers.com

**Foinse 3**
Sliocht ó *The Nazi Economy* le Richard Overy arna fhoilsiú in 1996.

Idir 1933 agus 1936, ba é an rialtas an fhoinse ba thábhachtaí maidir le hinfheistíocht nua i ngeilleagar na Gearmáine. Athbheochan an gheilleagair i ndiaidh 1933, níor tharla sé mar gheall ar mhéadú ar chaiteachas tomhaltóirí ná mar gheall ar fhás easpórtálacha; ba é an méadú ollmhór ar chaiteachas an rialtais ba mhó ba chúis leis. Bhí an atharmáil ar cheann de na réimsí maidir le caiteachas an rialtais go dtí 1936, ach níorbh é an t-aon cheann amháin é. Rinne Stát na Naitsithe infheistiú chomh maith i dtionscadail le bóithre iarainn agus bóithre a thógáil, ar a n-áirítear tógáil na mótarbhealaí cáiliúla (*Autobahnen*), tionscadal ar cuireadh tús leis in 1934. Rinne an stát infheistiú chomh maith i dtionscadail mhóra tithíochta agus i gclár tógála ar mhórscála. Faoi 1936, ní amháin go raibh leibhéil arda fostaíochta agus infheistíocht intíre curtha i gcrích ag Rialtas na Naitsithe, ach d'éirigh leo chomh maith trádáil na Gearmáine a dhaingniú leis an domhan mór.

Suas go dtí 1936, bhí teorainn leis an atharmáil, ach bhí tús áite aici i ngeilleagar na Gearmáine idir 1936 agus 1939. Mar gheall ar an Phlean Ceithre Bliana, cuireadh dhá thrian den infheistíocht thionsclaíoch sa Ghearmáin idir 1936 agus 1939 go díreach isteach san ullmhúchán faoi choinne cogaidh, in earnálacha amhail tionscal na gceimiceán, an t-alúmanam, an eitlíocht agus an innealtóireacht leictreach. Níor rath amach is amach é Plean Ceithre Bliana 1936 mar, in 1939, ní raibh geilleagar na Gearmáine ullamh faoi choinne cogadh mór go fóill.

© *The Nazi Economy by Richard Overy, published in 1996 by Cambridge University Press. ISBN 978 0521557672*

**(a)** **Déan staidéar ar Foinse 1**. Cá húsáidí atá sí mar fhianaise do staraí atá i mbun staidéir ar na fáthanna ar tugadh an Plean Ceithre Bliana isteach in 1936? [13]

**(b)** Na foinsí **uile agus** do chuid eolais féin in úsáid, meas a rathúla a bhí polasaithe eacnamaíocha na Naitsithe sa tréimhse 1933–1939. [35]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.